Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

# Ardleibhéal

# SCÉIM MHARCÁLA

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Freagair **deich gceist** ar bith díobh.
Tá **6 mharc** ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** Tá **cúig cheist** sa roinn seo.
Freagair **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile díobh.**
Tá **80 marc** ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50 marc** an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.

**Roinn C** Tá **trí cheist** sa roinn seo.
Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach, ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)**.

Tá **80 marc** an ceann ag gabháil leis na hábhair **roghnacha 1** agus **3**.

Tá **40 marc** ag gabháil le hábhar **roghnach 2**.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**Tabla na nGrád - 280/320**

| **Grád** | **Abhar Roghnach 1 agus 3** | **Abhar Roghnach 2** |
|---|---|---|
| 1 | 288-320 | 252-280 |
| 2 | 256-287 | 224-251 |
| 3 | 224-255 | 196-223 |
| 4 | 192-223 | 168-195 |
| 5 | 160-191 | 140-167 |
| 6 | 128-159 | 112-139 |
| 7 | 96 -127 | 84-111 |
| 8 | < 95 | < 83 |

# Roinn A

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Maidir le lipidí, mínigh gach ceann de na hairíonna seo a leanas: (6)

Hidriginiú ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:1:0)
*Is féidir **hidrigin** a chur le haigéid shailleacha neamhsháithithe; nuair atá catalaíoch nicile i láthair; chun olaí a thiontú ina saillte sáithithe; úsáidtear í i dtáirgeadh margairín; etc.*
*Glac le léaráid lipéadaithe.*

Plaisteachas ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:1:0)
*Baineann sé seo le cibé an bhfuil lipid soladach, leachtach nó inleata ag teocht an tseomra; ag brath ar **mhéid an tsáithiúcháin**; dá laghad aigéid shailleacha neamhsháithithe atá i láthair is é a sholadaí atá an lipid; e.g. bíonn margairíní neamhsháithithe inleata agus oiriúnach do uachtarú; etc.*

**2.** Mol **trí** threoirlíne pleanála béilí ba chóir a chur san áireamh nuair atá béilí á n-ullmhú do dhuine a bhfuil Galar Corónach Croí (CHD) air/uirthi. (6)

Treoirlíne pleanála béilí: ***3 @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)

**(i)** *laghdaigh an iontógáil de shaillte sáithithe, ith leaganacha ar bheagán saille in ionad na mbianna sin;*

**(ii)** *cuimsigh olaí monai-neamhsháithithe agus polai-neamhsháithithe;*

**(iii)** *ith níos mó snáithín; ith níos lú carbaihiodráití mínphróiseáilte; ith níos mó éisc agus sicín; laghdaigh an salann; úsáid bianna feidhmiúla; déan bia a ghríoscadh, a bhácáil, a ghalú nó a bheiriú; etc.*

**3.** Tagann riochtaí sláinte éagsúla ar an duine de bharr easpa mianraí sa réim bia.
Sainaithin mianra **amháin** i ngach cás díobh seo a leanas. (6)

***3 mianraí @ 2 mharc*** (grádaithe 2:0)

| Riocht Sláinte | Mianra |
|---|---|
| An Oistéamalaice | *Cailciam; fosfar* |
| Craiceann tirim agus screamhach | *Sinc* |
| An Ainglis | *Iaidín* |

**4.** Maidir le huibheacha, mínigh gach ceann díobh seo a leanas: (6)

Orgánach ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Uibheacha ó éin **nár tugadh** hormóin fáis ná antaibheathaigh dóibh; bia nach ndearnadh é a chóireáil le lotnaidicídí, leasacháin shaorga; etc.*

Leicitin ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Faightear i mbuíochán uibhe é; is **eiblitheoir** nádúrtha é atá in ann dhá leacht dhomheasctha* (*ola agus fínéagar*) *a cheangal dá chéile; tá cloigeann hidrifileach agus eireaball hidreafóbach ag an móilín; ceanglaíonn an cloigeann hidrifileach é féin den móilín uisce agus ceanglaíonn an t-eireaball hidreafóbach é féin den móilín ola, trína gcuirtear cosc ar an dá shubstaint scaradh óna chéile; etc.*
*Glac le léaráid lipéadaithe*

**5.** Déan idirdhealú idir gach ceann de na modhanna seo a leanas le hiasc a dheatú. (6)

Fuardheatú ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Nochtar an t-iasc do dheatach a éiríonn ó shliseanna adhmaid smolchaite; ní théann **teocht** an éisc os cionn 27°C; is gá an t-iasc a chócaráil a thuilleadh; etc.*

Teodheatú ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Nochtar an t-iasc do dheatach a éiríonn ó shliseanna adhmaid smolchaite; ardaítear an **teocht** de réir a chéile go dtí 80°C; ní gá an t-iasc a chócaráil a thuilleadh; etc.*

**6.** Déan cur síos ar athrú fisiceach **amháin** agus athrú ceimiceach **amháin** a tharlaíonn nuair a dhéantar bia a chócaráil. (6)

Athrú fisiceach ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Méadú/laghdú I méid; maothú; caillteanas cothaitheach; caillteanas datha; athrú datha; athrú uigeachta; tiúchan; etc.*

Athrú ceimiceach ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Imoibriú Mailard; caramalú; deistriniú; maothú; méadaítear toirt le hoibreáin ardaithe cheimiceacha/bhitheolaíocha; etc.*

**7.** Luaigh **trí** fheidhm bhitheolaíocha atá ag uisce. (6)

Feidhmeanna bitheolaíocha: ***3 @ 2 mharc*** (grádaithe 2:0)

**(i)** *baintear dramhtháirgí leis; múchann sé tart; coisceann sé díhiodráitiú; meitibileacht;*

**(ii)** *comhábhar plasma fola; lena n-iompraítear cothaithigh, hormóin, ocsaigin agus dé-ocsaíd charbóin go cealla an choirp;*

**(iii)** *soláthraíonn sé cailciam agus fluairín/flurairíd; rialaíonn sé teocht an choirp; hidrealú; coisceann sé iatacht; etc.*

**8.** Mínigh gach ceann de na cineálacha diaibéitis seo a leanas. (6)

Cineál 1: Diaibéiteas Inslinspleách ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
***Ní tháirgtear inslin*** *sa phaincréas; oidhreachtúil; is féidir leis tarlú do leanbh, do dhuine óg nó do dhuine fásta óg; rialaítear é le cógas béil, inslin in-insteallta, aiste bia agus aclaíocht; ní féidir é a aisiompú; etc.*

Cineál 2: Diaibéiteas Neamh-inslinspleách ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
***Táirgtear inslin*** *sa phaincréas ach ní féidir é a úsáid sa chorp; tarlaíonn sé do dhaoine fásta níos aosta go príomha, go háirithe do dhaoine fásta atá róthrom; d'fhéadfadh sé tarlú do leanaí chomh maith; rialaítear é le cógas béil, inslin in-insteallta, aiste bia nó aclaíocht, nó le haiste bia agus aclaíocht le chéile; is féidir é a aisiompú má chailleann an duine roinnt meáchain; etc.*

**9.** Ainmnigh **trí** chomhlacht reachtúla a bhfuil baint acu le cosaint tomhaltóirí. (6)

Comhlachtaí reachtúla: ***3 @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)

**(i)** *An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí; an Banc Ceannais;*

**(ii)** *Oifig an Ombudsman; Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; Cúirt na Mionéileamh;*

**(iii)** *An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh; an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann; an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí in Éirinn; etc.*

**10.** Tabhair breac-chuntas ar an bhfeidhm atá ag gach ceann de na codanna seo thíos d'oigheann micreathonnach. (6)

Maighnéatrón ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Tiontaíonn sé fuinneamh leictreach go fuinneamh micreathoinne nó go tonnta leictreamaighnéadacha/micreathonnta; etc.*

Claochladán ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Méadaíonn sé voltas baile ó 230V go dtí minicíocht níos airde; etc.*

**11.** Maidir leis an timpeallacht, mínigh agus tabhair sampla de gach ceann díobh seo a leanas: (6)

Acmhainn in-athnuaite ***2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)
*Ar fáil go nádúrtha i gcónaí; ní thagann laghdú uirthi cé go bhfuil sí in úsáid i gcónaí; ní dhéantar aon díobháil don chomhshaol léi; etc.*

Sampla ***1 mharc*** (grádaithe 1:0)
*Fuinneamh gréine; fuinneamh bithmhaise; fuinneamh gaoithe; fuinneamh geoiteirmeach; hidreachumhacht; etc.*

Acmhainn neamh-inathnuaite ***2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)
*Soláthar teoranta ann; ní féidir í a athsholáthar nuair atá sí imithe; féadfar díobháil a dhéanamh don chomhshaol léi; etc.*

Sampla ***1 mharc*** (grádaithe 1:0)
*Breoslaí iontaise – gual, móin, gás nádúrtha; ola; fuinneamh núicléach; etc.*

**12.** Mínigh conas is féidir le tomhaltóirí cabhrú le bainistíocht dramhaíola inbhuanaithe. (6)

***2 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

**(i)** *múiríniú; ceannach ar an mórchóir; táirgí in-athchúrsáilte a cheannach; glantaigh chomhdhlúite a cheannach; etc.*

**(ii)** *cosc; íoslaghdú; athúsáid; athchúrsáil; aisghabháil fuinnimh; diúscairt; etc.*


## Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus **dhá cheist** ar bith eile as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil le Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**1.** Itheann os cionn 70% de thomhaltóirí sneaiceanna gach lá. Cuireadh an cheist seo a leanas i suirbhé i dtaobh nósanna maidir le sneaiceanna:

"Nuair a roghnaíonn tú sneaic ar mhaithe le do shláinte, cé acu ceann díobh seo a leanas atá tábhachtach duit?"

Tá torthaí cheist an tsuirbhé tugtha thíos.




(*Bord Bia – Healthy Snacking UK and Ireland, 2018*)

**(a)** Chomh maith leis an buntáistí a luaitear sa chairt thuas cad iad na príomh-thosca a théann i bhfeidhm ar dhaoine agus bia á roghnú acu? (12)

***4 thoisc @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

*Gnéithe céadfacha - sainrogha phearsanta, dath, blas; cultúr; reiligiún; fógraíocht agus margaíocht; ailléirgí/éadulaingtí; ceisteanna sláinte; buiséad/luach ar airgead; patrúin itheacháin; infhaighteacht; branda; foinse; saoráidí cócaireachta; etc.*

**(b)** Pléigh na cúiseanna a spreag na roghanna a rinne daoine atá tugtha sa suirbhé. (12)
Déan tagairt do **cheithre** bhuntáiste i do fhreagra.

***4 bhuntáiste @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:1:0)

***Spreagadh:*** *cén fáth a bhfuil buntáiste don tsláinte tábhachtach; aithin grúpa daoine a fhaigheann spreagadh ón mbuntáiste sainiúil sin; comhábhair/bianna lena soláthraítear an buntáiste sin agus comhábhair/bianna ar cheart iad a sheachaint; céim - cainníocht ard/íseal; comparáidí %; etc.*

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** shneaic shláintiúla atá oiriúnach do mhic léinn ollscoile.

Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí cothaitheacha a bhaineann leis na sneaiceanna seo a bheith mar chuid de réim bia duine.

Cur síos: ***2 shneaic @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0) (6)

*Torthaí nó glasraí úra; sneaiceanna glasraí/potaí glasraí; iógart/deochanna déiríochta; creatháin mhíne, súnna glasraí agus/nó torthaí úra; cnónna; síolta; meascáin chonaire; gránóla/flapóga; criospaí glasraí agus torthaí triomaithe; cístí ríse/cístí arbhair; barraí/millíní próitéine; etc.*

Buntáistí: ***4 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:1:0) (12)

***Buntáistí:*** *comhábhar/bia luaite in éineacht leis an gcothaitheach agus an fheidhm iomchuí; etc.*

**(d)** Is féidir le sneaiceanna déiríochta cur le hiontógáil micreachothaitheach an duine.

Tabhair cuntas ar chailciam faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- foinsí ***3 fhoinse @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)
- feidhmeanna bitheolaíocha ***3 fheidhm @ 2 mharc*** (grádaithe 2:0)
- iarmhairtí na heaspa. ***3 easpa @ 2 mharc*** (grádaithe 2:0) (18)

***Foinsí:*** *táirgí déiríochta; uibheacha; glasraí glasa dorcha; iasc olúil; plúr bán; uisce crua; uisce i mbuidéal; súnna treisithe; forbhianna; síolta seasamain; etc.*

***Feidhmeanna bitheolaíocha:*** *foirmiú agus forbairt cnámh; fiacla; fuiltéachtadh; crapadh matáin; gnáthfheidhmiú néaróg agus tréscaoilteacht scannáin; rialaíonn sé meitibileacht sna cealla; etc.*

***Iarmhairtí na heaspa:*** *raicíteas; galar oistéamalaice; oistéapóróis; cuasa; easpa fuiltéachta; freangaí matáin; cur isteach ar tharchur néar-ríge; etc.*

**(e)** Mínigh conas a tharraingíonn an pacáistiú ar tháirgí bia súil tomhaltóirí agus conas a thugann sé eolas do thomhaltóirí. (20)

***4 phointe @ 5 mharc*** (grádaithe 5:3:0)

Tarraingíonn: ***1 phointe,*** Tugann sé eolas: ***1 phointe + 2 phointe eile***

***Tarraingíonn:*** *cuma don tsúil; dathanna nádúrtha; dathanna láidre gairéadacha; déanta d'ábhair nádúrtha, bailchríoch lonrach nó neamhlonrach; íomhánna de bhia/chomhábhair d'ardchaighdeán; liosta gairid comhábhar; na buntáistí le feiceáil go soiléir ar an éadan; gan an iomad ar an éadan; etc.*

***Tugann sé eolas:*** *liosta comhábhar tugtha le RDA; cothaithigh sa bhia; luach fuinnimh; liosta ailléirginí; treoracha tugtha maidir le stóráil/ullmhú/cócaireacht; foinse – feirm; saor-raoin, orgánach; etc.*

**2.** 'Den mhéid airgid a chaitear gach seachtain ar bhia don teaghlach, tugann taighde le fios go gcaitear ar an meán 19% de ar 'shneaiceanna' ard-phróiseáilte. I gcomparáid leis sin, ní chaitear ach 10% ar thorthaí agus 7% ar ghlasraí.' (*Safefood, 2018*)

**(a)** Pléigh an tábhacht chothaitheach a bhaineann le glasraí sa réim bia. (15)

***5 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:1:0)

***Próitéin:*** *2-8%; próitéin ALB; tá piseánach ina fhoinse níos fearr de phróitéin; pónairí soighe, próitéin ÍLB; fás agus deisiú; etc.* ***Saill:*** *ológa, abhacáidí, pónairí soighe - foinsí de shaill pholai-neamhsháithithe; teas agus fuinneamh; etc.* ***Carbaihiodráit:*** *3-20%; snáithín - tá glasraí piseánacha ina bhfoinse mhaith; stáirse i bprátaí, glasraí fréimhe agus piseánach; méid beag siúcra i gcairéid agus oinniúin; etc.* ***Vitimíní:*** *béite-charaitéin* (*prói-vitimín A*) *i nglasraí dúghlasa/buí/oráiste/dearga; táirgeadh ródoipsine; etc. Vitimín C i nglasraí glasa duilleacha, trátaí, piobair, prátaí; ionsú iarainn; etc. vitimíní B1, B2 agus B6 i nglasraí piseánach; B2 agus niacin i muisiriúin; meitibileacht; fóláit i nglasraí glasa duilleacha; etc. is frithocsaídeoirí iad na vitimíní A, C agus E; etc.* ***Mianraí:*** *cailciam i nglasraí fréimhe agus glasraí glasa; cnámha sláintiúla; etc. iarann i nglasraí dúghlasa; iompraíonn sé ocsaigin ar fud an choirp; rianta de photaisiam, sinc agus iaidín; etc.*
***Glac le:*** *2 thagairt do mhianraí, 2 thagairt do vitimíní ar a mhéad.*

**(b)** **(i)** Mol straitéisí le cur leis an méid glasraí a itheann duine gach lá.

**(ii)** Cuir sraith treoirlínte le chéile faoi mhodhanna chun glasraí a chócaráil a chaomhnóidh a luach cothaitheach.

***4 straitéis @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) (8)

*Ith anraith bunaithe ar ghlasraí go rialta; cuir glasraí le sailéid; cuir níos mó glasraí i miasa neamh-mhilse; bain triail as glasraí nua agus bealaí nua chun iad a chócaráil; úsáid déantóir bíse chun núdail glasraí a dhéanamh; úsáid glasraí in ionad bianna carbaihiodráite e.g. rís cóilise; tabhair príomhchúrsaí veigeatóracha don chlann go léir; cuir glasraí le hanlainn; cuir glasraí glasa le creatháin mhíne; etc.*

***4 threoirlíne @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0) (12)

*Déan iad a chócaráil go tapa; ná húsáid an iomad uisce chun iad a chócaráil; úsáid clúdach; úsáid leacht cócarála i gcomhair anraithí agus anlann; ná húsáid alcailí; seachain sáspain chopair nó phráis; déan suaithfhriochadh, galú nó cuir san oighinn mhicreathonnach iad, dáil al dente iad; etc.*

**(c)** Tabhair cuntas ar Vitimín C (aigéad ascorbach) faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- airíonna (grádaithe 1:0)
- foinsí (grádaithe 1:0)
- feidhmeanna bitheolaíocha. (grádaithe 3:2:0) (15)

***3 airí @ 1 mharc*** (grádaithe 1:0)

***Airíonna:*** *aigéad criostalta bán; blas milis/searbh; intuaslagtha in uisce; éagobhsaí – caillltear é le linn stórála; ullmhú bia; cócarála; nochta do sholas agus d'aer; scriostar é le halcailí; le hocsaíodáis; trí dhíhiodráitiú; is frithocsaídeoir éifeachtach é; etc.*

***3 fhoinse @ 1 mharc*** (grádaithe 1:0)

***Foinsí** – **Torthaí:** cuiríní dubha; cíobhaíonna; torthaí citris; sútha talún; mealbhacán; etc.*
***Glasraí:** piobair; trátaí; glasraí glasa; prátaí; etc.*
*Forbhianna; etc.*

***3 fheidhm @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

***Feidhmeanna bitheolaíocha:*** *fíochán tacaíochta, collaigin a fhoirmiú; riachtanach don chóras imdhíonachta; cabhraíonn sé chun iarann agus cailciam a ionsú; cuireann sé cneasú créachtaí chun cinn; cuireann sé fuileadáin shláintiúla chun cinn; feidhmíonn sé mar fhrithocsaídeoir; tugann sé cosaint do cholaistéaról HDL; etc.*

**3.** Is é is lotamas bia ann ná athrú míthaitneamhach ar ghnáth-riocht bia. Is féidir a leithéid d'athruithe a aithint trí bholadh, blaiseadh, teagmháil nó radharc.

**(a)** Pléigh na príomhchúiseanna le lotamas bia. (20)

***4 chúis @ 5 mharc*** (grádaithe 5:3:2:0)

***Baictéir:*** *morgadh - lobhadh próitéine – boladh – hidriginsulfáit* (*uibheacha*)*; bíonn na héisc ag streachailt, úsáidtear glicigin, tarlaíonn meath dá bharr, comhdhúil nítrigine – trímheitiolaimín; etc.*
***Múscáin:*** *bíonn siad le feiceáil ar dhromchlaí bianna; cruthaíonn siad míceatocsainí; etc.*
***Giosta:*** *bíonn sé le feiceáil ar an taobh amuigh de bhianna; etc.*
***Díobháil fhisiceach:*** *brú craicinn; etc.*
***Bréine:*** *i saillte; etc.*
***Cailleadh uisce:*** *crapadh, filltíní, cuma liobair ar chraiceann torthaí agus glasraí; cáis, bia ina bhfuil a lán próitéine – dromchla crua toisc gur cailleadh taise uaidh nuair a nochtadh don aer é; etc.*
***Einsímí:*** *aibiú torthaí – fanann einsímí ag oibriú, éiríonn bia ró-aibí dá mbarr, lobhann sé nó tarlaíonn dianscaoileadh; donnú - gearrtar bianna áirithe e.g. úlla, scaoiltear einsím, ocsaíodáis, ón dromchla gearrtha, a imoibríonn le hocsaigin agus tagann dath donn ar an mbia; is féidir leis na heinsímí a bhíonn in éisc go nádúrtha a bheith ina gcúis le meath, fiú amháin ag teochtaí ísle; d'fhéadfaí glasraí a mhilleadh sa reoiteoir, go háirithe sa chás nár bánaíodh iad sular reodh iad; bíonn ocsaigin ina cúis le gníomhú na hocsaíodáise i gcillbhallaí plandaí agus is féidir léi tiaimín, vitimín C agus caraitéin a scriosadh; hidrealaíonn tríghlicrídí agus tarlaíonn bréine mar thoradh ar einsímí; etc.*

**(b)** Ainmnigh baictéar nimhithe bia coitianta **amháin** agus tabhair sonraí faoi.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- na tosca atá riachtanach lena fhás ***3 thoisc @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)
- foinse ***1 fhoinse @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)
- atáirgeadh/fás an bhaictéir ***3 phointe @ 2 mharc*** (grádaithe 2:0)
- bianna ardphriacail ***2 bhia @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) (20)

*Ainm baictéar nimhithe bia* ***2 mharc***

**Baictéar Nimhithe Bia**

| **Ainmnigh 2 mharc** (grádaithe 2:0) | **Tosca le haghaidh fáis 3@2 mharc** (grádaithe 2:0) | **Foinse 1@2 mharc** (grádaithe 2:0) | **Atáirgeadh 3@2 mharc** (grádaithe 2:0) | **Bianna Ardphriacail 2@2 mharc** (grádaithe 2:0) |
|---|---|---|---|---|
| Salmonella | *Bia: sapraifíteach nó seadánach; Teocht: méisifileach 20 – 45°C; Taise: etc. Ocsaigin: ilacmhainneach; etc. pH: neodrach; etc. Am: etc.* | *Putóga daoine, ainmhithe agus éan; faecas; lámha nár níodh; etc.* | *Éighnéasach; Déscoilteadh; Miotóis;* | *Feoil, iasc, ubh amh nó nach ndearnadh cócaráil imleor orthu; táirgí déiríochta neamhphaistéartha; etc.* |
| Listéire | *Bia: sapraifíteach nó seadánach; Teocht: sícrifileach 5 – 20°C méisifileach 20 – 45°C; Taise: etc. Ocsaigin; ilacmhainneach; etc. pH: neodrach/beagán aigéadach; etc. Am: etc.* | *Bianna gan chócaráil: bianna fuaraithe cócaráilte; bianna nár téadh go dtí teocht ard go leor; ithir; dramhaíl dhaonna agus ainmhí; etc.* | *Éighnéasach; Déscoilteadh; Miotóis;* | *Cáis bhog; pâté; bainne, cáis neamhphaistéartha; feolta amha nó nach ndearnadh cócaráil imleor orthu; sailéid réamhullmhaithe; bianna cócaráil-fuaraigh; etc.* |
| E.coli | *Bia: sapraifíteach nó seadánach; Teocht: méisifileach 20 – 45°C; Taise: etc. Ocsaigin: aeróbach; etc. pH: neodrach; etc. Am: etc.* | *Putóga daoine agus ainmhithe; eisfhearadh daonna agus ainmhí; uisce truaillithe; lámha nár níodh; etc.* | *Éighnéasach; Gnéasach; Déscoilteadh; Miotóis;* | *Feolta nach ndearnadh cócaráil imleor orthu; feolta amha; bainne agus cáis neamhphaistéartha; etc.* |
| Clóistridiam botalanaim | *Bia: sapraifíteach nó seadánach; Teocht: méisifileach 20 – 45°C; Taise: etc. Ocsaigin: anaeróbach; pH: 4.6 nó níos airde; etc. Am: etc.* | *Ithir; ábhar atá ag lobhadh; lámha nár níodh; faecas daonna agus ainmhí; etc.* | *Éighnéasach; Gnéasach; Déscoilteadh; Miotóis;* | *Cáis, bainne, iógart neamhphaistéartha; próiseáil lochtach bianna stánaithe íseal-aigéid; bianna folúsphacáilte; iasc deataithe; ola a iondoirteadh le gairleog; etc.* |

*Staphylococcus Aureus; Clostridium Perfringens; Campylobacter;* etc.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) maidir le sábháilteacht bia. (10)

***2 phointe @ 5 mharc*** (grádaithe 5:3:0)

*Bíonn baint aici le háitreabh bia nua a chlárú; cigireachtaí ar áitreabh bia; cigireachtaí feirme; déileálann sí le gearáin maidir le caighdeáin sláinteachais in áitreabh bia; orduithe dúnta; sábháilteacht bia a chinntiú ag ócáidí poiblí; monatóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann le lipéadú bia agus lipéadú cothaithe, breiseáin agus truaillitheoirí; freagairt ar fholáirimh mhear-rabhaidh - táirgí bia a aisghairm; cuireann sí oideachas ar fáil agus cuireann sí comhairle ar ghnóthaí faoin mbealach is fearr chun comhlíonadh na ndlíthe i ndáil le sábháilteacht bia agus sláinteachas a chinntiú; etc.*

**4.** **'**Bhí ollioncam €1,100 ar an meán ag teaghlach in aghaidh na seachtaine in 2016, sin 7% níos airde ná an figiúr a taifeadadh do 2010.' (*Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlach, 2016*)

**(a)** Déan anailís ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar ioncam teaghlaigh. (20)

***5 thoisc @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

***Aois:*** *tagann méadú ar ioncam daoine de ghnáth de réir mar a théann siad in aois, a fhaigheann siad níos mó taithí agus a dhruideann siad ar aghaidh ar an bpáscála; d'fhéadfadh laghdú teacht ar ioncam daoine ag am scoir murar íoc siad isteach i gcuntas pinsin; d'fhéadfadh poist pháirtaimseartha a bheith ag déagóirí a gcuirfeadh ar a gcumas ranníocaíocht a dhéanamh le hioncam an teaghlaigh; etc.*
***Inscne:*** *tá méadú tagtha ar an líon ban san fhórsa saothair; spreagann scéimeanna 'filleadh chun na hoibre' mná le dul ar ais ag obair; cinntíonn an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta go mbíonn pá agus coinníollacha cothroma ag gach duine d'ainneoin inscne; is fir is mó atá i bpoist bhainistíochta fós; etc.*
***Grúpa socheacnamaíoch:*** *is mó seans go bhfágann daoine ó ghrúpa socheacnamaíoch íseal an scoil go luath gan aon cháilíochtaí oideachais agus ansin ní bhíonn ach poist ar ioncam íseal acu, ní bhíonn na deiseanna céanna acu chun ardú céime a fháil agus pá níos fearr a ghnóthú; bíonn deiseanna oideachais níos fearr ag daoine a thagann ó chúlra meán-aicme, agus bíonn seans níos mó ann go mbainfidh siad tairbhe as oideachas tríú leibhéal; etc.*
***Líon na mball den teaghlach atá fostaithe:*** *bíonn ioncam níos airde ag teaghlaigh a bhfuil post ag beirt ann; etc.*
***Uaireanta oibre:*** *go lánaimseartha nó go páirtaimseartha; postroinnt; fleisc-am; obair shéasúrach; etc.*
***Cultúr:*** *d'fhéadfadh ionchais éagsúla a bheith ag daoine ó chultúir éagsúla; etc.*
***Míchumas; Andúil;*** *etc.*

**(b)** Mol straitéisí ba chóir a leanúint nuair atá buiséad teaghlaigh á phleanáil lena chinntiú go ndéantar bainistiú éifeachtach ar acmhainní airgeadais. (20)

***5 straitéis @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

*Liostaigh na foinsí ioncaim uile; liostaigh an caiteachas atá beartaithe – seasta, neamhrialta agus lánroghnach; déan an caiteachas seachtainiúil/míosúil a ríomh; déan foráil do chaiteachas lánroghnach; déan foráil d'athruithe ar imthosca; cuir coigiltis fhadtéarmacha agus ghearrthéarmacha san áireamh; leithdháil roinnt airgid i gcomhair costais phearsanta; coinnigh cóipeanna de bhillí agus admhálacha; déan measúnú agus athbhreithniú ar an mbuiséad go rialta; leithdháileadh ioncaim - tithíocht 25%, bia 25%, costais tí 15%, oideachas 5%, cúram leanaí 5%, taisteal 5%, éadaí 5%, leigheas 5%, coigilteas 5%, siamsaíocht 5%; etc.*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag an tSeirbhís Bhuiséadta agus Comhairle Airgid (MABS) maidir le teaghlaigh a mbíonn deacrachtaí airgeadais acu. (10)

***2 phointe @ 5 mharc*** (grádaithe 5:3:0)

*Seirbhís comhairle saor in aisce; tugann sí comhairle faoi dhéileáil le fadhbanna fiachais reatha; cabhraíonn sí le teaghlaigh scileanna bainistithe airgid a fhorbairt – buiséid agus sceidil aisíocaíochtaí a phleanáil; tugann sí comhairle maidir le táirgí airgeadais do thomhaltóirí; tugann sí comhairle maidir le rátaí úis; fiachas morgáiste a réiteach; idirbheartaíocht le hiasachtóirí; comhairle phearsanta maidir le dócmhainneacht; uasmhéadú ioncaim; etc.*

**5.** Is é is socheolaíocht ann ná staidéar ar an tsochaí, ar phatrúin de chaidrimh shóisialta, ar an idirghníomhú sóisialta agus ar an saol laethúil.

**(a)** Mínigh na téarmaí socheolaíocha seo a leanas:

- sóisialú
- grúpa socheacnamaíoch
- soghluaisteacht shóisialta
- athrú sóisialta

} ***4 théarma @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

- gaol ***1 téarma @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) (14)

**Sóisialú**: *an próiseas ina bhfoghlaimíonn duine na noirm, na luachanna, an t-iompar agus na scileanna sóisialta iomchuí chun gníomhú ar bhealach inghlactha sa tsochaí; tarlaíonn an príomhshóisialú laistigh den teaghlach; tarlaíonn sóisialú tánaisteach ar scoil, sa láthair oibre agus trí na meáin; is próiseas é a leanann ar feadh an tsaoil; etc.*
**Grúpa socheacnamaíoch**: *daoine aonair a aicmiú sa tsochaí de réir a stádais eacnamaíoch agus shóisialta i ndáil le daoine eile; de ghnáth aicmítear na grúpaí sin mar aicmí socheacnamaíocha ísle, meánleibhéil agus ardleibhéil; tugtar srathú nó cisealú sóisialta ar an gcionroinnt sin; etc.*
**Soghluaisteacht shóisialta**: *gluaiseacht daoine aonair ó ghrúpa socheacnamaíoch amháin go ceann eile; cruthaítear soghluaisteacht shóisialta le hoideachas, ioncam agus gairm bheatha; etc.*
***Athrú sóisialta***:*athruithe a tharlaíonn sa tsochaí de bharr mórfhorbairtí e.g. athchóiriú an dlí; teicneolaíocht; imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta; etc.*
***Gaol:*** *caidreamh; naisc teaghlaigh; gaol fola; naisc fola; sinsearacht choiteann; ginealach coiteann; etc.*

**(b)** Déan cur síos ar na tréithe a bhaineann le struchtúir teaghlaigh chomhaimseartha. (12)

***4 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:1:0)
*Núicléach; sínte; teaghlach cumaisc/athdhéanta/leasteaghlach; tuismitheoir aonair; tuismitheoirí comhghnéis; teaghlaigh gan leanaí; etc.*

**(c)** Pléigh na hathruithe sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha a théann i bhfeidhm ar theaghlaigh sa lá atá inniu ann. (24)

***6 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)
***(2 thagairt d'athruithe sóisialta, 2 thagairt d'athruithe eacnamaíocha, 2 thagairt d'athruithe teicneolaíocha)***
***Sóisialta:*** *laghdú ar teaghlaigh shínte; uirbiú; comhionannas inscne; teaghlaigh ina bhfuil gairm bheatha ag beirt; cliseadh pósta, idirscaradh agus colscaradh; póstaí comhghnéis agus uchtú; róil leithscartha agus chomhroinnte; athrú ar ról na mban; níos mó am fóillíochta; aithreacha a fhanann sa bhaile; níos lú leanaí; mná ag breith leanaí níos déanaí ina saol; iompar frithshóisialta; andúil; etc.*

***Eacnamaíoch:*** *costas ard maireachtála; costais tithíochta; sochair stáit; tacaíocht ón stát; an bheirt pháirtithe ag obair; caighdeán níos airde maireachtála; ionchais níos mó; ag bogadh chun post a fháil nó de bharr poist; costas an chúraim leanaí/an oideachais; etc.*
***Teicneolaíoch:*** *teicneolaíocht na cumarsáide; na meáin shóisialta; teicneolaíocht lena gcumasaítear oibriú ón mbaile, billí a íoc, laethanta saoire a chur in áirithe etc.; teicneolaíocht teaghlaigh; siamsaíocht bhaile; teicneolaíocht slándála; etc.*

# Roinn C
## Ábhar Roghnach 1 - Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a) agus 1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** Is é atá i gceist leis an ailtireacht ná réitigh dheartha a chruthú chun tithe a chruthú a shásaíonn riachtanais na ndaoine a bheidh ina gcónaí iontu.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar fhorbairt stairiúil na stíleanna tithíochta in Éirinn. (20)

***5 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)
**(*bí ag súil le tagairt do dhá aois*)**

***19ú hAois: ceantair thuaithe*** *– teachíní ceann tuí aon urlár, 2 sheomra - cistin agus seomra leapa, ballaí cloiche agus láibe, fuinneoga beaga, leathdhoras, tine oscailte; feirmeoirí rathúla, teach dhá urlár faoi dhíon slinne, parlús; úinéirí talún saibhre, tithe eastáit móra le ceathrú na searbhóntaí san íoslach; etc.* ***ceantair uirbeacha*** *- tithe sraithe i stíl Sheoirseach, le 2, 3 agus 4 urlár agus íoslach; díonta slinne; pointe fócais ag an doras, céimeanna ag dul suas chuig an doras; seomraí le síleálacha arda; tithe sraithe beaga meánaicme; bhíodh siopadóirí ina gcónaí os cionn a gcuid siopaí; teachíní beaga aon urlár ag na hoibrithe; tionóntáin uirbeacha; teach Seoirseach roinnte ina árasáin/seomraí aonair; etc. tithe dhá urlár faoi dhíon slinne; stíleanna Gotacha agus Túdaracha; etc.* ***20ú hAois: ceantair thuaithe*** *– uasghrádú ar thithe faoin tuath; tithe dhá urlár; slinnte nó tíleanna in ionad tuí; leictreachas faoin tuath, etc.* ***ceantair uirbeacha*** *- eastáit tithíochta agus eastáit chomhairle; tithe scoite agus leathscoite; úsáideadh ballaí bríce le plástar orthu, 2 urlár, tíleanna in ionad slinnte, bungalónna faoi dhíon slinne; etc. eastáit tithíochta phríobháideacha; an dearadh céanna ar na tithe go léir; tithe aonuaire; tithe ardstóracha; caighdeáin feabhsaithe de thoradh na rialacháin foirgníochta; ábhair nua agus modhanna tógála nua e.g. snáithínghloine, déghloiniú/gloiniú triarach, plaisteach (pvc); etc.* ***21ú hAois: ceantair thuaithe*** *- forbairtí tithíochta i mbailte agus sráidbhailte beaga; tithe de stíleanna agus méideanna difriúla; athchóiriú ar réadmhaoine seanré; tithe aonuaire á ndearadh ag ailtirí; athoiriúnú áiléir, sínte, seomraí gréine curtha le tithe; spás maireachtála lasmuigh - balcóin, deicre, paitiónna; slándáil feabhsaithe – geataí leictreonacha, tuilsoilse; etc.* ***ceantair uirbeacha*** *– coimpléisc tithíochta, lena n-áirítear roinnt tithe baile agus árasán atá iata taobh thiar de gheataí slándála; níos mó tithe tógtha ar imill bailte móra/cathracha; tithíocht ard-dlúis; spás maireachtála beag agus limistéir amuigh bheaga; etc.*

**(ii)** Pléigh na tosca eacnamaíocha agus timpeallachta a théann i bhfeidhm ar na stíleanna tithíochta a roghnaítear. (18)

***3 phointe @ 6 mharc*** (grádaithe 6:4:2:0)
***(bí ag súil le tagairt do 1 toisc eacnamaíoch, 1 toisc timpeallachta + 1 toisc eile)***

***Eacnamaíoch:*** *ioncam; cineál agus costas na n-ábhar tógála; táillí/costais; acmhainn infheistíochta; rátáil fuinnimh an fhoirgnimh; na deontais atá ar fáil; etc.*
***Timpeallacht:*** *rialacháin foirgníochta; éifeachtúlacht fuinnimh; prionsabail éiceolaíochta; suíomh; oiriúnach don timpeallacht máguaird; etc.*

**(iii)** Tabhair sonraí faoi na seirbhísí gairmiúla atá ar fáil do thomhaltóirí chun cuidiú leo teach a dhearadh agus a thógáil. (12)

***4 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:1:0)
***Ailtirí:*** *comhairle faoin suíomh, dearadh an tí, maoirseacht a dhéanamh ar an tógáil; etc.* ***Innealtóirí struchtúrtha/suímh:*** *maoirseacht a dhéanamh ar thógáil an tí agus comhairle a thabhairt maidir le fadhbanna tógála; etc.* ***Suirbhéirí:*** *suirbhéireacht a dhéanamh ar an suíomh, fadhbanna féideartha a aithint agus réitigh a mholadh; etc.* ***Aturnaetha:*** *plé le gnéithe dlíthiúla - an suíomh a cheannach agus úinéireacht réadmhaoine a chlárú, conarthaí; etc.* ***Tógálaithe:*** *conradh tógála a dhréachtú maidir le costais agus spriocdhátaí, ullmhú an tsuímh, obair a ligean ar fochonradh, an liosta fabhtanna a réiteach; etc.*
***Dearthóirí intí; Ailtirí tírdhreacha; Leictreoir; Pluiméir; Measúnóir RFF (BER);*** *etc.*

**agus**

**1.(b)** Is féidir gnéithe maisiúla a bheith ar bhallaí i dteach, nó d'fhéadfadh siad a bheith mar chúlra lom.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** ghné ba chóir a chur san áireamh nuair atá bailchríocha balla á roghnú do theach. (16)

***4 ghné @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)
*Aeistéitic; costas; cúrsaí timpeallachta; sonraíochtaí an tseomra; treoíocht; buanfas; in-nite; bailchríoch; uigeacht; éasca le húsáid; éasca le glanadh; cumhdach; solas a fhrithchaitheamh; etc.*

**(ii)** Ainmnigh **dhá** chineál bailchríche balla a bheadh oiriúnach do chistin/seomra suí agus déan cur síos orthu. Luaigh **dhá** airí atá ag gach bailchríoch díobh. (14)

***2 phointe @ 7 mharc***
***(***Ainm*:* ***1 mharc*** (grádaithe 1:0) Cur síos*:* ***2 mharc*** (grádaithe 2:0)
Airíonna*:* ***2 airí @ 2 mharc*** (grádaithe 2:0)***) x 2***
***Péint uiscebhunach:*** *eibleacht - vinil neamhlonrach, vinil síoda; etc.* ***Bunaithe ar ola/thuaslagóirí:*** *bailchríoch lonrach, sróil; etc.* ***Sainphéint:*** *péint uigeach; péint lasairmhoillitheach; etc.*
***Airíonna:*** *in-nite; uiscefhriotaíoch; éasca/deacair é a úsáid; oiriúnach do limistéir ina mbíonn a lán comhdhlúthaithe; aga triomaithe gasta/fada; boladh láidir/gan bholadh; buanfasach/seasmhach; éasca le glanadh; is féidir bailchríoch uigeach a fháil le snáithíní plaisteacha; ar fáil i raon dathanna éagsúla; frithchaitheann solas; etc.*
***Ballapháipéar ilfheidhmeach:*** *dearadh clóite ar an bpáipéar le meaisín nó de láimh; etc.*
***Ballapháipéar cabhartha:*** *tá an dearadh brúite ar chúlra páipéir; uigeach, ardaithe; etc.*
***Slis adhmaid:*** *déantar sliseanna adhmaid a bhrú idir 2 leathán páipéir; etc.* ***Vinil:*** *déantar na dearaí a phriontáil ar chúlra páipéir; déantar é a chóireáil le brat vinile; etc.* ***Flocas:*** *dearadh uigeachta cosúil le veilbhit priontáilte ar chúlra páipéir; cruthaítear éifeacht thríthoiseach leis; etc.*

***Airíonna:*** *in ann comhdhlúthú a sheasamh; in-nite; buanfasach; is féidir lochtanna a cheilt leis; tiúis éagsúla ar fáil; cruthaítear uigeacht leis; is féidir péinteáil thairis; dearaí éagsúla ar fáil; éasca/deacair le crochadh; is féidir é a shracadh go héasca; etc.*
***Tíleanna:*** *ceirmeach, poircealláin; etc.*
***Airíonna:*** *buanfasach; uiscedhíonach; éasca é a chothabháil; ar fáil i raon leathan dathanna, méideanna; glónraithe; gan ghlónrú; crua/fuar le mothú; etc.*
***Painéil adhmaid****;* ***Mósáic; Cloch;*** *etc.*

**nó**

**1.(c)** **'**Tá leictreachas chomh mór sin ina chuid de shlí mhaireachtála an lae inniu go ndéanaimid neamhiontas de go minic. Is fuinneamh cumhachtach agus ilfheidhmeach é ach is féidir leis a bheith dainséarach mura mbaintear úsáid cheart as.' (*www.esbnetworks.ie*)

**(i)** Maidir le soláthar leictreachais teaghlaigh déan cur síos ar gach ceann díobh seo a leanas:

- ciorcad fáinneach ***3 phointe @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)
- mionscoradán ciorcaid (MCB) ***3 phointe @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) (12)

***Ciorcad fáinneach:*** *téann an tsreang* ***ón*** *aonad tomhaltóra/bhfiúschlár chuig soicéid ar fud an tí agus* ***tagann sí ar ais*** *chuig an aonad tomhaltóra arís; féadfaidh soicéid uile an tí a bheith ar an lúb fáinneach; féadfar lúb fáinneach amháin a úsáid do na soicéid thuas staighre; ceann eile a úsáid do na soicéid thíos staighre; bíonn sreang thalmhaithe ann ar mhaithe le sábháilteacht; bíonn a fhiús féin ag gach ciorcad; etc.*
***Mionscoradán ciorcaid*** **(*MCB*)*:*** *gné sábháilteachta ina bhfuil* ***lasca tuisleacha*** *lena gcuirtear isteach ar an gciorcad agus lena ndíscoirtear an sruth má tharlaíonn locht nó má tá lucht rómhór ar chiorcad;* ***gné sábháilteachta****; is féidir lasca tuisleacha a athshocrú nuair a bheidh an locht réitithe; bíonn gairis srutha iarmharaigh (RCD) san áireamh le MCBanna mar chosaint bhreise; etc.*
*Glac le léaráidí atá lipéadaithe go soiléir*

**(ii)** Cuir sraith treoirlínte le chéile maidir le leictreachas a úsáid go sábháilte sa bhaile. (18)

***6 threoirlíne @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Ceannaigh fearais ar a bhfuil marc faofa sábháilteachta; cinntigh go bhfuil an sreangú ceart i bplocóidí agus déan iad a athsholáthar má tá siad lochtach; déan fleisceanna a sheiceáil le haghaidh caithimh agus cuimilte; tabhair aire agus fearais leictreacha á n-úsáid lasmuigh; ná láimhseáil soicéid, plocóidí ná fearais leictreacha má tá do lámha fliuch; níor cheart go mbeadh fleisceanna ag dul thar iarta ná doirteal; ná húsáid cuibheoirí/cáblaí sínteacha chun lucht rómhór a chur ar shoicéid; ná deisigh fearais lochtacha; déan fearais a dhíphlugáil i gcónaí sula nglanann tú iad; ná cuir earraí troma ar an leaba nuair atá an blaincéad ar siúl; déan blaincéid leictreacha a sheiceáil le haghaidh caithimh agus cuimilte* (*marcanna loiscthe*)*; ná déan iarracht blaincéad lochtach a dheisiú; ná cuir éadaí ar théitheoirí leictreacha riamh; glan aon deannach ó théitheoirí comhiompair agus ó théitheoirí gaothráin; i seomraí folctha - úsáid téada tarraingthe do shoilsiú balla; seachain téitheoirí iniompartha; úsáid scáthláin lena n-iatar na bolgáin go hiomlán; etc.*

## Ábhar Roghnach 2 - Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a) agus 2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2.(a)** Fágann an fás atá ag teacht ar chumas caite airgid daoine óga go bhfuil margadh na ndéagóirí ina earnáil ríthábhachtach i ngnó an fhaisin.

**(i)** Déan achoimre ar na tosca a théann i bhfeidhm ar dhéagóirí nuair a bhíonn siad ag ceannach éadaí. (15)

***5 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

*Treochtaí faisin; piaraí; na meáin shóisialta; blagálaithe & tionchairí; stíl mhaireachtála; buiséad; compord; ócáid; pearsantacht; etc.*

**(ii)** Sceitseáil agus déan cur síos ar fheisteas a bheadh oiriúnach lena chaitheamh chuig féile cheoil faoin aer. (10)

*Sceitse:* ***4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

*Cur síos:* ***6 mharc*** (grádaithe 6:4:2:0)

*Glac leis an gcur síos ar an sceitse lipéadaithe.*

**agus**

**2.(b)** Bíonn tionchar ag an mbealach a ndéantar fabraic ar a cuma, ar a cuid airíonna agus ar an úsáid a bhaintear as sa deireadh.

**(i)** Mínigh conas a dhéantar fabraic chniotáilte. (9)

***3 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

*Déanta de shraith lúb comhghlasáilte lena gcruthaítear fabraic sholúbtha; braitheann an síneadh ar an snáth a úsáidtear; is féidir í a tháirgeadh de láimh le snáthaidí nó le meaisín; tá dhá struchtúr bhunúsacha ann - déantar cniotáil innigh de láimh nó le meaisín; bíonn greamanna ar feadh leithead na fabraice; déantar í a chniotáil le píosa snáithe amháin de ghnáth; déantar cniotáil dlúith le meaisín, bíonn an snáth i bhfiarláin ar feadh fhad na fabraice; is féidir modhanna lúbtha éagsúla a úsáid – sleamhain, easnach, iompaithe; etc.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na hairíonna agus na feidhmeanna atá ag fabraic chniotáilte. (6)

***3 airí @ 1 mharc*** (grádaithe 1:0)

***Airíonna:*** *te; is inslitheoir maith í; leaisteachas maith inti, sínteach; éadrom nó trom ag brath ar na greamanna a roghnaítear; compordach; éasca snáitheanna a tharraingt inti, tagann ligean uirthi ag strusphointí; crapann sí; etc.*

***3 feidhmeanna @ 1 mharc*** (grádaithe 1:0)

***Feidhmeanna:*** *cótaí, hataí, scaifeanna, gúnaí, geansaithe, bratóga, etc.*

**nó**

**2.(c)** Cinntíonn dearthóirí óga cumasacha go bhfuil ag éirí thar barr i gcónaí le tionscal faisin na hÉireann.

**(i)** Déan mionphlé ar shaothar de chuid dearthóir faisin comhaimseartha Éireannach. (6)

*Ainm:* ***2 mharc*** (grádaithe 2:0)
*Sonraí:* ***2 phointe @ 2 mharc*** (grádaithe 2:0)
*Simone Rocca; Lainey Keogh; Paul Costelloe; Louise Kennedy; Peter O Brien; Natalie B. Coleman; Emma Manley; Philip Treacy; Joanne Hynes; Lennon agus Courtney; etc.*

**(ii)** Mínigh conas a théann an geilleagar i bhfeidhm ar an tionscal deartha agus faisin. (9)

***3 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
*Laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí; faisean níos neamhthaibhsí/simplí; úsáid ábhar ar chostas íseal; dearadh ríomhchuidithe* (*CAD*)*; tuilleadh airgid le haghaidh taighde & teicneolaíochta - forbairt snáithíní agus cumaisc nua; dearthóirí nua agus óga cumasacha ag teacht chun cinn; etc.*

## Ábhar Roghnach 3 - Staidéar Sóisialta (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a) agus 3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** 'Léiríonn staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) go bhfuil méadú 3% ar an ráta fostaíochta go dtí seo i mbliana. Tá beagnach 2.3 milliún duine ag obair in Éirinn anois.'

(*Irish Examiner, November 2018*)

**(i)** Maidir le tionscal an bhia, déan trácht ar an ionchur a bhíonn ag na hearnálacha príomhúla, tánaisteacha agus treasacha ann. (12)

***3 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

***Príomhúil:*** *tionscail atá bunaithe ar acmhainní, dá bhrí sin, ag brath ar acmhainní nádúrtha e.g. talmhaíocht, iascaireacht; etc.*

***Tánaisteach:*** *páirteach i ndéantúsaíocht nó i bpróiseáil amhábhar ón earnáil phríomhúil ina n-earraí críochnaithe; táirgeadh bia; déantúsaíocht bia; etc.*

***Treasach:*** *tionscail seirbhíse nach dtáirgeann earraí ach a sholáthraíonn seirbhísí e.g. turasóireacht agus fóillíocht; cúram sláinte; iompar; na meáin; ionaid bhia; oideachas; etc.*

**(ii)** Déan anailís ar éifeachtaí dearfacha agus dhiúltacha na teicneolaíochta ar chúrsaí oibre agus fostaíochta. (16)

*Éifeachtaí dearfacha:* ***2 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

*Éifeachtaí diúltacha:* ***2 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

***Dearfach****: poist spéisiúla do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí ábhartha acu; ní bhíonn gá ann tascanna athchleachtacha a dhéanamh a thuilleadh; timpeallacht oibre níos sábháilte agus níos glaine; táirgiúlacht mhéadaithe; níos mó ama fóillíochta ag daoine; is féidir le daoine oibriú ón mbaile; feabhsaítear cáilíocht agus comhsheasmhacht; infhaighteacht oibre níos fearr; etc.*

***Diúltach:*** *cailleann daoine neamhoilte a bpoist; imíonn cuideachtaí go dtí tíortha ina bhfuil costais saothair níos saoire; dí-oiliúint; cailltear bróid agus ceardaíocht; ní bhaintear an sásamh céanna as poist; aonrú sóisialta; tagann laghdú ar na tionscail phríomhúla agus thánaisteacha; etc.*

**(iii)** Pléigh conas is féidir le cáilíochtaí oideachais roghanna fostaíochta níos fearr a chur ar fáil do dhaoine. (10)

***2 phointe @ 5 mharc*** (grádaithe 5:3:2:0)

*Tá an ardteistiméireacht mar an íosleibhéal oideachais le haghaidh a lán deiseanna fostaíochta anois; bíonn roghanna fostaíochta níos mó ag daoine a bhfuil cáilíochtaí acu; bíonn cáilíochtaí ar leibhéal FECAC ag teastáil d'fhormhór na bpost anois; is gá cáilíochtaí breise a bhaint amach chun ardú céime a fháil; etc.*

**(iv)** Mínigh conas a thugann reachtaíocht cosaint do dhaoine atá fostaithe, agus tabhair samplaí. (12)

***3 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:3:2:1:0)

***An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005:*** *déantar foráil leis an Acht seo do shláinte agus sábháilteacht sa láthair oibre d'fhonn gortuithe sa láthair oibre agus drochshláinte a chosc; etc.* ***An tOrdú um Pá Íosta Náisiúnta:*** *leagtar amach an pá íosta a bheidh le híoc le fostaithe ann; etc.* ***Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta:*** *cosnaítear daoine ar idirdhealú sa láthair oibre agus sa tsochaí níos leithne i.e. inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, cine, reiligiún, gnéaschlaonadh, ball de ghrúpa eitneach; etc.* ***An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997:*** *leagtar amach leis an Acht seo an dlí maidir le huaireanta oibre, sosanna; etc.* ***Teidlíochtaí agus Cearta Fostaithe:*** *laethanta saoire le pá, sochair e.g. sochar máithreachais nó sochar míchumais, saoire do thuismitheoirí, force majeure, saoire cúramóirí; etc.* ***An tAcht um Chosaint Daoine Óga*** **(*Fostaíocht*)** ***1996:*** *rialaítear uaireanta oibre, sosanna, laethanta saoire daoine óga;* ***Conarthaí uaireanta nialais;*** *etc.*

**agus**

**3.(b)** Tá ról tábhachtach le comhlíonadh ag cúram leanaí ardchaighdeáin sa tsochaí.

**(i)** Tabhair achoimre ar na príomhthosca a théann i bhfeidhm ar riachtanais teaghlaigh i leith cúram leanaí. (12)

***4 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

*An bheirt tuismitheoirí ag obair; tuismitheoir aonair ag obair; fáil ar sheantuismitheoirí/ghaolta eile; costas; riachtanais chúraim tar éis scoile; infhaighteacht /áisiúlacht; uaireanta oscailte/dúnta; solúbthacht/laethanta saoire scoile; gaireacht do theach an linbh; riachtanais speisialta an linbh; aois an linbh; iontaofacht; etc.*

**(ii)** Déan meastóireacht ar **dhá** rogha cúraim leanaí atá ar fáil do thuismitheoirí. (18)

***(***Ainm: ***1 mharc*** (grádaithe1:0), Meastóireacht: ***4 phointe @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)***) x 2***

*Montessori; naíolanna; creiseanna; naíonraí; grúpaí spraoi; cúramóirí leanaí; au pair; réamhscoil; grúpaí cúraim tar éis scoile; etc.*

**nó**

**3.(c)** **‘**Tá os cionn duine as gach seisear in Éirinn i mbaol na bochtaineachta agus, mar a tharlaíonn sé, tá 105,051 duine a chónaíonn faoi bhochtaineacht in Éirinn fostaithe.’

(*An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017*)

**(i)** Ainmnigh agus pléigh na grúpaí daoine atá i mbaol na bochtaineachta. Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (12)

***4 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:1:0)

*Tuismitheoir a fhanann sa bhaile; duine scothaosta; daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu; daoine a bhfuil breoiteacht fhadtréimhseach orthu; daoine dífhostaithe; daoine a fhágann an scoil go luath; oibrithe ar phá íseal; tuismitheoirí aonair; mionlaigh eitneacha; teaghlaigh faoi dhíothacht leanúnach; etc.*

**(ii)** Pléigh an tionchar a bhíonn ag an bpolasaí sóisialta ar an mbochtaineacht. Bíodh tagairt agat don chaoi ar thug an stát aghaidh ar dheireadh a chur leis an mbochtaineacht. (18)

***6 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

***Polasaí Sóisialta:*** *pá íosta; ní thugtar mórán spreagtha do dhaoine dífhostaithe filleadh ar an obair más pá íseal atá i gceist; d'fhéadfaí a mheas go bhfuil na sochair leasa shóisialaigh imleor/rófhlaithiúil; an polasaí tithíochta; an polasaí oideachais; etc.*

***Thug aghaidh:*** *sochair agus cúnamh leasa shóisialaigh; scéimeanna chun caiteachas a laghdú do theaghlaigh ar ioncam íseal e.g. liúntas éadaí agus coisbhirt chun filleadh ar scoil; leictreachas saor in aisce; ceadúnas teilifíse saor in aisce; cárta leighis; Cláir Forbartha Pobail áitiúla; an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta; íosráta leasa shóisialaigh; pá íosta; MABS; RAPID; DEIS; SOLAS; SICAP; SUSI; etc.*

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 280 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 280 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 210 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 20 |
| 214 - 216 | 19 |
| 217 - 220 | 18 |
| 221 - 223 | 17 |
| 224 - 226 | 16 |
| 227 - 230 | 15 |
| 231 - 233 | 14 |
| 234 - 236 | 13 |
| 237 - 240 | 12 |
| 241 - 243 | 11 |
| 244 - 246 | 10 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 247 - 250 | 9 |
| 251 - 253 | 8 |
| 254 - 256 | 7 |
| 257 - 260 | 6 |
| 261 - 263 | 5 |
| 264 - 266 | 4 |
| 267 - 270 | 3 |
| 271 - 273 | 2 |
| 274 - 276 | 1 |
| 277 - 280 | 0 |
| | |

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

# Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

# Aistriúchán Ar Scéim Mharcála

**Tábla na nGrád**

| Grád | Bandaí |
|---|---|
| 1 | 288 - 320 |
| 2 | 256 - 287 |
| 3 | 224 - 255 |
| 4 | 192 - 223 |
| 5 | 160 - 191 |
| 6 | 128 - 159 |
| 7 | 96 - 127 |
| 8 | < 95 |

*Chun an marc ualaithe a ríomh, roinn an t-amhmharc ar a ceathair.*

## Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

**Fiosrúchán: Anailís/Taighde – 32 mharc**

**Taighde agus anailís** **= 24**

***Banda A 19 - 24 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht chríochnúil** agus **anailís chuimsitheach** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda B 13 - 18 marc*** (*an-ábalta - go maith*)
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** agus roinnt **anailíse** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda C 7 - 12 mharc*** (*bunúsach - ábalta*)
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina baintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda D 0 - 6 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise ar **thuiscint an-bhunúsach theoranta** ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

**Gach Tasc:** *biachlár do lá áirithe/béilí 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge.* **= 4**

***Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear -1/-2/-4 marc san fhiosrúchán.***
(*biachlár – cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc*)

*béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*
***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe –*** *glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia*

**Foinsí:** ***2 fhoinse @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) **= 4**

**Ullmhúchán agus Pleanáil - 8 marc**

**Acmhainní:**

- comhábhair (*2 mharc*), cainníochtaí (*2 mharc*), costáil (*2 mharc*), trealamh (*2 mharc*) **= 8**
- AOP E – táirge/táirgí (*2 mharc*), trealamh (*6 mharc*)

**Cuir i bhFeidhm - 28 marc**

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú. **= 16**
(*Ba choir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin*)
***Banda A 13 - 16 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
*Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda B 9 - 12 mharc*** (*an-ábalta - go maith*)
*Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda C 5 - 8 marc*** (*bunúsach - ábalta*)
*Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda D 1 - 4 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
*Ní aithnítear aon cheann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach beagán díobh, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

**Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** ***2 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0) **= 8**
(caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe)
*Aithint* (*2 mharc*) *agus* ***míniú soiléir ar thábhacht*** (*2 mharc*) ***dhá chúinse*** *a cuireadh san áireamh a raibh baint* ***chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias****.*

**Sábháilteacht/sláinteachas** ***2 phointe @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) **= 4**
(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)
*Aithint* (*1mharc*) *agus míniú* (*1 mharc*) *ar príomh-shaincheist sábháilteachta* ***amháin agus*** *an phríomh-shaincheist* ***amháin*** *a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á dhéanamh.*

**Measúnú - 12 marc**

***3 phointe @ 4 mharc*** **= 12**

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas:
**Cur i bhfeidhm**
***Banda A - 4 mharc*** *- aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*
***Banda B - 3 mharc*** *- aithníodh láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*
***Banda C - 2 mharc*** *- rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil.*

**Sainriachtanais** an taisc
***Banda A - 4 mharc*** *- tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*
***Banda B - 3 mharc*** *- tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*
***Banda C - 2 mharc*** *- déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc.*

**Réimse Cleachtais A: Prionsabail an Chothaithe a Chur i bhFeidhm**
**Tasc 1**

> *Spreagann na treoirlínte um bia sláintiúil daoine le réimse leathan bianna agus tá Pirimid an Bhia deartha le go mbeidh sé níos éasca roghanna a dhéanamh maidir le bia sláintiúil.*
>
> Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do theaghlach atá ar bhuiséad bia teoranta.
> Agus na tosca seo á gcur san áireamh agat, mol réimse biachlár (dhá chúrsa) a bheadh oiriúnach mar bhéile um thráthnóna don teaghlach.
> Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa príomhchúrsa a ndearna tú taighde orthu.
> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. **2019**

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *riachtanais chothaithe/chothaitheacha ar chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do* ***theaghlach atá ar bhuiséad bia teoranta***
- *treoirlínte pleanála ábhartha do bhéilí le tagairt do* ***theaghlach atá ar bhuiséad bia teoranta***
- *raon biachlár* (*dhá chúrsa*) *do bhéile um thráthnóna lena n-áirítear mias phríomhchúrsa roghnaithe de phríomhbhéile an lae* (*ón mbiachlár*).

**Fiosrúchán**
**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:** *cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla mhicrea /mhacrachothaithigh lena n-áirítear riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/cailciam/iarainn de réir mar is cuí do riachtanais teaghlaigh a bhfuil raon riachtanas cothaithe difriúla acu* (*aois, leibhéal gníomhaíochta, stádas sláinte/riachtanais chothaithe ar leith*)*; Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D/ionsú cailciam; Vitimín B i gcomhair fuinnimh agus meitibileachta; snáithín ard; na treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; éagsúlachtaí féideartha i riachtanais fuinnimh; cothromaíocht fuinnimh vis a vis leibhéil gníomhaíochta; etc.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí:** *úsáid phirimide bia le cothromaíocht a chinntiú; éagsúlacht bhianna; ith béilí go rialto; úsáid bianna ina séasúr; roghnaigh sneaiceanna sláintiúla; roghnaigh foinsí bia próitéine atá níos saoire; sínigh feola a úsáid* (*TVP, etc.*)*; méid coda; déan codanna breise a chócaráil le reo; baisc-chócaráil; saincheisteanna acmhainne agus tagairt ar leith do bhianna atá réasúnta saor ach atá cothromaithe go cothaitheach; bianna féinbhranda; tairiscintí speisialta; bulc-cheannach; modhanna éifeachtúla cócaireachta a úsáid; lán-úsáid a bhaint as an oigheann; roghnaigh bia treisithe; seachain bianna áise; déan d'arán féin, do chácaí féin etc.; líon suas miasa feola agus éisc le glasraí; úsáid fuílleach; seiceáil dáta úsáid faoi agus dáta ar fearr roimhe; rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn go pearsanta; úsáid biachlár seachtainiúil; úsáid liosta siopadóireachta; etc.*

**Miasa roghnaithe**
- raon biachlár (*dhá chúrsa*) oiriúnach do bhéile um thráthnóna
- caithfidh siad a bheith oiriúnach do riachtanais chothaitheacha teaghlaigh atá ar bhuiséad bia teoranta
- caithfidh mias phríomhchúrsa a bheith ann (*ón mbiachlár*)

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís tátail maidir le riachtanais chothaithe raon mias/béilí do theaghlach ar bhuiséad bia teoranta. Treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí – raon mias/béilí do theaghlach atá ar bhuiséad bia teoranta etc., conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a ainmnítear iad sa taighde; etc.*

**Tasc 2**

| |
|---|
| *Is féidir le réimeanna bia veigeatóracha a dhéantar a phleanáil mar is cóir a bheith cothromaithe ó thaobh cothaithe de agus oiriúnach do gach tráth den saol.* (*www.indi.ie*)<br>Luaigh **(i)** na cineálacha éagsúla réimeanna bia veigeatórachta atá ann agus **(ii)** na cúiseanna a roghnaíonn daoine réim bia veigeatórach.<br>Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do dhaoine atá ina veigeatóir. Agus na cúinsí a d'aithin tú i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, roghnaigh réim bia veigeatórach amháin agus mol raon de mhiasa príomhchúrsa a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa príomhchúrsa a d'fhiosraigh tú.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bfheidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. **2019** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *cineálacha éagsúla réimeanna bia veigeatóracha*
- *na cúiseanna a roghnaíonn daoine* ***réim bia veigeatórach***
- *riachtanais chothaithe agus treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí do dhuine atá* ***ina veigeatóir***
- *ainmnigh réim bia veigeatórach ar leith*
- *raon de mhiasa príomhchúrsa a bheadh oiriúnach do réim bia veigeatórach a roghnaíodh lena n-áirítear an mhias príomhchúrsa roghnaithe* (*ainmnithe sa taighde*).

**Fiosrúchán**

**Cineálacha réimeanna bia veigeatóracha:**

*Veigeán; lachtveigeatóir; lachtveigeatóir uibheacha; veigeatóir uibheacha; veigeatóir éisc; veigeatóir circeola; leathveigeatóir; toraitheoirí; etc.*

**Na cúiseanna a roghnaíonn daoine réim bia veigeatórach:**

*Reiligiúnach; eiticiúil; inbhuanaitheacht; airgeadais; tionchar teaghlaigh; tionchar piaraí; blagálaithe agus lucht tionchair ar an margadh; meáin shóisialta; éileamh; costas/buiséad bia; cúiseanna sláinte; aestéitidil; cailliúint meáchan breise; etc.*

**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:**

*Cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla mhicrea/mhacrachothaithigh lena n-áirítear riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/ iarainn/cailciam de réir mar is cuí; GI íseal/snáithín ard; méadaigh iontógáil fosfair agus since; Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D/ionsú cailciam; Vitimín B 12; na treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; etc.*

**Treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí:**

*Úsáid phirimide bia veigeatórach/úsáid phirimide bia le béilí cothromaithe a chinntiú; ith bianna a sholáthraíonn próitéiní iomlána lena n-áirítear na haimínaigéid ar fad i gcomhréireanna cearta; úsáid stoc glasraí; seachain táirgí le geilitín; roghnaigh foinsí próitéine malartacha e.g. TVP, Quorn, tófú etc.; measc gránaigh agus léagúim; áirigh slánghráinneacha; áirigh bianna/táirgí treisithe; úsáid táirgí déiríochta malartacha e.g. soighe, bainní cnó etc.; seachain bianna próiseáilte; úsáid luibheanna/spíosraí le bianna a bhlaistiú; athchuir saillte ainmhí le saillte glasraí; ith bianna coipthe*(*saothraithe*)*/próibhitheacha; etc.*

**Miasa roghnaithe** - raon de mhiasa príomhchúrsa a bheadh oiriúnach mar réim bia veigeatórach roghnaithe
- caithfidh mias phríomhchúrsa a bheith ann (*ainmnithe sa taighde*)

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)

*Anailís tátail maidir lenar fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán i leith bainistíocht ar réimeanna bia veigeatóracha, fachtóirí le cur san áireamh le leorgacht cothaithe veigeatóirí a chinntiú; conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a ainmnítear san fhiosrúchán iad; etc.*

**Réimse Cleachtais B: Ullmhú Bia agus Próisis Chócaireachta**
**Tasc 3**

| |
|---|
| *Is é is cúróg (soufflé) ann meascán éadrom ina bhfuil aer, ar féidir a ullmhú ar bhealaí éagsúla i.e. milis nó saillte, cócaráilte nó gan a bheith cócaráilte, te nó fuar.*<br><br>Déan taighde ar conas a dhéantar cúróga agus mínigh na bunphrionsabail atá i gceist.<br>Luaigh raon de mhiasa a léiríonn an scil maidir le cúróga a dhéanamh.<br>Déan iniúchadh agus mionléiriú ar na príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leis na cúróga agus iad á ndéanamh. Ullmhaigh, déan agus riar ceann **amháin** de na miasa a ndearna tú taighde orthu.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis an gcaoi inar éirigh leat uigeacht éadrom ina bhfuil aer a bhaint amach. **2019** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar conas a dhéantar cúróga*
- *na bunphrionsabail atá i gceist nuair a dhéantar cúróga*
- *raon de mhiasa a léiríonn an scil maidir le cúróg a dhéanamh*
- *na príomhphointí ar chóir a chur san áireamh le toradh maith a chinntiú nuair a dhéantar cúróga*
- *mias roghnaithe* (*ainmnithe sa taighde*).

**Fiosrúchán**

**Conas mar a dhéantar cúróga agus na bunphrionsabail atá i gceist:**

***Te cócaráilte/milis/neamh-mhilis:*** *is féidir iad a chócaráil i miasa móra nó i miasa cúróg aonair, i stán do rollóg eilvéiseach agus rollta; ar fhriochtán – uibheagán borrtha; bácáilte* (*teas tirim*) *nó galaithe* (*bain-marie*)*; mias éadrom aeraithe, braitheann éirí ar aer sáinnithe agus fairsingiú an aeir nuair a dhéantar é a théamh; úsáid anlann bán táthaithe nó anlann panaird; tarlaíonn* ***geilitíniú*** *nuair a atann gráin stáirse agus briseann siad agus ionsúnn siad leacht faoi théamh; buíocháin curtha leis chun é a shaibhriú agus feoil/iasc/cáis/glasraí ar mhaithe le blas* (*cúróg neamh-mhilis*)*; torthaí, caifé, seacláid etc.* (*cúróg mhilis the*)*; gealacán uibhe buailte go righin agus fillte isteach sa mheascán chun é a* ***aerú*** *agus chun uigeacht éadrom a chruthú; gal uisce a ghintear le linn cócarála ina chúis leis an aer sa chúr a fhairsingiú agus an chúróg ag éirí dá bharr;* ***téachtann*** *gealacán uibhe ; etc.* ***Fuar neamh-chócaráilte/milis*****:** *déanta as uibheacha; úsáid as geilitín mar ghníomhaí ramhraithe; geilitín* (*i bhfoirm púdair nó duilleoige*) *leáite in uisce te, curtha leis ón airde i sruth socair chun stríocáil a chosc; ionsúnn méid mór uisce chun* ***glóthán*** *a dhéanamh; téachtann nuair a éiríonn sé fuar; coiptear uachtar go héadrom agus cuirtear isteach é chun uigeacht éadrom a chruthú; gealacán uibhe buailte go righin fillte isteach chun an meascán* ***a aerú;*** *ligtear don mheascán leaththéachtadh sula gcuirtear píosaí torthaí mionghearrtha isteach, chun suncáil don íochtar a chosc; tugann uachtar agus gealacán uibhe* ***toirt agus éadroime*** *don mheascán; agus é téachta ba chóir don chúróg fhuar a meáchan féin a choinneáil thar barr na méise; etc.*

**Raon de mhiasa a léiríonn an scil maidir le cúróga a dhéanamh:**

**Te cócaráilte/milis/neamh-mhilis:** *caifé; seacláid; oráiste; cáis; cóilis; liamhás; muisiriún; cúróg bácáilte faoi dhó; etc.*

**Fuar neamh-chócaráilte/milis:** *sú talún; sú craobh; líomóid; líoma; seacláid; etc.*

**Príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leis na cúróga agus iad á ndéanamh:**

*Is cóir go mbeadh an trealamh ar fad iontach glan agus tirim; úsáid uibheacha ag teocht an tseomra; déan gealacáin uibhe a ghreadadh i mbabhla glan gan ghréisc; is cóir an meascán don bhonn a bheith blaistithe go maith mar maolaíonn gealacáin uibhe na blasanna; úsáid spúnóg mhiotal le gealacáin uibhe a fhilleadh isteach go bog; measc an gealacán uibhe isteach sa bhonn céim ar chéim; seachain*

*úsáid saillte i mblasóirí; fuaraigh anlann sula gcuirtear isteach gealacáin uibhe; úsáid banda dúbailte de pháipéar gréiscdhíonach timpeall ar bharr na méise; spúinseáil geilitín in uisce te seachas uisce fiuchaidh; déanann aigéid i súlaigh torthaí* (*anann*) *cumhacht téachta geilitín a lagú; cuir torthaí mionghearrtha le meascán geilitín nuair a bhíonn sé leath téachta; gréisc an mhias; glan meascán ón imeall; beidh an meascán cócaráilte go haonfhoirmeach níos mó má úsáidtear mias cúróige níos lú; réamhthéamh an t-oigheann 180°C - 200°C do chúróg the; má bhíonn an t-oigheann ró-the beidh an chúróg cócaráilte ar an taobh amuigh agus beidh sé amh istigh ann; má bhíonn an teocht ró-íseal ní ardóidh an chúróg; cuir an chúróg isteach go híseal san oigheann chun fairsingiú a cheadú; ná hoscail doras an oighinn le linn bácála; dáil amach cúróga te láithreach bonn; etc.*

**An Mhias roghnaithe –** *cúróg the nó cúróg fhuar* (*ainmnithe sa taighde*)

**Measúnú** (mar atá sé sonraithe sa tasc)
**(a)***cur i bhfeidhm* **(b)** *toradh maith le huigeacht éadrom aeraithe a bhaint amach.*

**Réimse Cleachtais D: Airíonna Bia**
**Tasc 4**

| |
|---|
| ***Bealach traidisiúnta leis na séasúir a cheiliúradh agus úsáid a bhaint as barraíocht torthaí sa bhaile is ea subha a dhéanamh.***<br>Déan taighde ar shubha, glóthacha nó marmaláidí a dhéanamh agus déan tagairt do **gach** ceann díobh seo a leanas:<br>• na torthaí éagsúla agus meascán de thorthaí is féidir a úsáid<br>• na bunphrionsabail atá i gceist agus conas a chuirtear an modh leasaithe i gcrích<br>• na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn<br>• na coimeádáin agus lipéadú a bheadh oiriúnach.<br>Ullmhaigh, déan agus cuir i bpota cineál **amháin** suibhe a d'fhiosraigh tú.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le cé chomh hindéanta agus atá sé maidir le subha a dhéanamh sa bhaile. **2019** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar na torthaí éagsúla agus meascán de thorthaí is féidir a úsáid*
- *na bunphrionsabail atá i gceist agus conas a chuirtear an modh leasaithe i gcrích*
- *fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn*
- *coimeádáin agus lipéadú a bheadh oiriúnach*
- *táirge roghnaithe* (*ainmnithe sa taighde*).

**Fiosrúchán**
**Torthaí éagsúla agus meascán de thorthaí: Subha:** *sútha talún; sméara dubha; spíonáin; plumaí; daimsíní; silíní; úlla; piorraí; aibreoga; etc.* **Glóthacha:** *cuiríní dubha; cuiríní dearga; úlla; mogóir; etc.* **Marmaláidí:** *oráistí; líomóidí; teilí; seadóga; cainchí; péitseoga; neachtairíní; etc.* **Glac le:** *meascáin de na torthaí ar fad.*

**Na bunphrionsabail atá i gceist agus conas a chuirtear an modh leasaithe i gcrích:** *bogann an teas na torthaí agus briseann sé síos einsímí agus miocrorgánaigh; peictin scaoilte; cuirtear siúcra leis a choisceann fás miocrób trí na cealla miocróbacha a thimpeallú le tuaslagán dlúth a tharraingíonn uisce as an gcill mhiocróbach trí* ***osmóis;*** *teastaíonn tiúchan de 65% siúcra; scaoileann aigéad sna torthaí peictin as na torthaí a fheidhmíonn mar oibreán téachta; torthaí* ***bruite*** *ag* ***100°C+*** *; meascán idir torthaí le peictin íseal agus torthaí le peictin ard chun téachtadh sásúil a fháil; steiriliú na bprócaí; etc.* **Subh:** *torthaí nite, scafa, mionghearrtha; aigéad curtha leis; cócaráilte le huisce/gan uisce; tástáil le haghaidh peictin; siúcra curtha leis agus leáite thar teas bog; bruite go tapa go dtagann sé go pointe téachta; tástáil le haghaidh téachta; bain an cúr de; doirt isteach i bprócaí steirilithe (steiriliú san oigheann 140°C); clúdaigh; lipéadaigh; stóráil; etc.* **Glóthacha:** *gearr torthaí agus stobh le sú líomóide; scag na torthaí trí mhála glóthaí/muislín; cuir uisce leis an sú; cuir siúcra leis; tástáil le haghaidh téachta; laghdaigh an ráta bruite nuair a thagann sé gar don phointe téachta ionas nach mbeidh bolgáin aeir sáinnithe ann; bain barr de; cuir i bprócaí; clúdaigh; lipéadaigh; stóráil; etc.*
**Marmaláid:** *sciúr torthaí; bain craiceann de, bain an laíon de, gearr i ribíní; cuir craiceann, aigéad agus leath den uisce sa sáspan, suanbhruith go bog; gearr suas an chuid eile de na torthaí agus craiceann agus suanbhruit leis an uisce atá fágtha; scag é tríd an síothlán; cuir craiceann leis an mbrúitín scagtha; bruith amach an t-uisce breise; suanbhruit go mbeidh an chraiceann bog; cuir siúcra leis, bruith é go dtagann sé go pointe téachta; tástáil le haghaidh téachta; bain barr de; fuaraigh beagáinín; cuir sna prócaí; clúdaigh; lipéadaigh; stóráil; etc.*
**Glac le:** *gach modh ceart le subha, glóthacha agus marmaláidí a dhéanamh.*

**Fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn: ní féidir leis an táirge téachtadh;** *aigéad/peictin easnamhach; torthaí ró-aibí nó bruite go heasnamhach; etc.* **criostalúchán:** *an táirge bruite roimh leátán an siúcra; ró-chócaráilte; an iomarca siúcra; aigéad easnamhach; etc.* **coipeadh:** *easpa am*

*bruite; easpa siúcra; torthaí ró-aibí; etc.* **torthaí/craiceann ar barr:** *táirge fós te sula gcuirtear sna prócaí é; etc.* **crapadh:** *clúdaigh mhíchearta; stóráil mícheart; etc.* **Fás múscáin**: *easpa siúcra, torthaí ró-aibí, gan an táirge a chur isteach agus a chlúdaigh i gceart; etc.* **greamaíonn torthaí ar íochtar an tsáspain:** *sáspan gan smeartha; etc.* **craiceann righin sa mharmaláid:** *cócaráil go bog; siúcra curtha ró-luath; etc.* **glóthach modartha**: *ná fáisc an mála glóthaí; etc.*

***Coimeádáin agus lipéadú a bheadh oiriúnach:*** *e.g. prócaí gloine scriúchlaibín/fáiscín; dioscaí céaracha; dioscaí ceallafáin; polaitéin grád-réiteora; scriúlaibíní glana; lipéadaigh; etc.*

**Mias roghnaithe -** subh, glóthach nó marmaláid (*ainmnithe sa taighde*)

**Measúnú** (mar atá sé sonraithe sa tasc)
**(a)** *cur i bhfeidhm* **(b)** *Indéantacht a bhaineann le subha baile* (*subha, glóthacha agus marmaláidí*) *ceisteanna acmhainní – trealamh, scileanna, am, fáil ar chomhábhair, fachtóirí costais, etc.*

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh**
**Tasc 5**

| |
|---|
| *Tá an-tóir ar chaoineoga a dhíol le blianta beaga anuas.*<br>Déan taighde ar raon de chaoineoga ullmhaithe ar bhonn tráchtála atá ar fáil agus tagairt á déanamh agat do na brandaí, blasanna, costas agus méid siúcra atá iontu.<br>Agus tú ag baint úsáide as **dhá** bhranda éagsúla de chaoineog, leis an mblas céanna agus méideanna siúcra éagsúla iontu, déan an **tástáil triantáin** chun a fháil amach an féidir le tástálaithe an branda de chaoineog a bhfuil an méid is mó siúcra inti a aimsiú. Cuir na torthaí a fuarthas ón tástáil i láthair.<br>Déan measúnú ar an tasc i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le na torthaí a fuarthas ar an tástáil. **2019** |

**Príomhriachtanais an taisc:**
- *taighde ar raon de chaoineoga ullmhaithe ar bhonn tráchtála atá ar fáil agus tagairt á déanamh do bhrandaí, blasanna, costas agus méid siúcra atá iontu*
- ***tástáil triantáin***
- *coinníollacha le smachtú le linn tástála*
- *do rogha de **tháirgí roghnaithe*** (*brandaí difriúla caoineog, blas céanna agus méid siúcra difriúil*).

**Fiosrúchán** **= 24**

- Taighde/Fiosrúchán de tháirgí a oireann don tástáil
  *i.e. fiosraigh an raon de chaoineoga ullmhaithe ar bhonn tráchtála atá ar fail i.e. brandaí, blasanna, costas agus méid siúcra.*

- ***Tástáil triantáin***
  ***Cur síos:*** *tugtar trí shampla códaithe de chaoineoga don tástálaí* (*dhá shampla mar an gcéanna, ceann amháin difriúil*)*; iarrtar ar an tástálaí a rá cén sampla atá difriúil; etc.*
  ***Aidhm na tástála:*** *cinntiú an bhfuil difríocht le brath idir an dá bhranda de chaoineoga; etc.*
  ***Torthaí féideartha****: féachtaint an bhfuil difríocht le brath idir an dá chaoineog; etc.*

*Glac le Tástáil Éagsúlachta i.e. Tástail Comparáide Péirithe faoi Threoir; etc.*

**Na coinníollacha atá le rialú I rith na tástála a shainaithint**
*Coinníollacha sonracha don tasc e.g. méid, cruth agus dath na gcoimeádán in úsáid don tástáil; teocht na samplaí; cainníochtaí ar an gcuma chéanna de gach sampla; códúchán na samplaí; cur i láthair cothromaithe; sláinteachas; amú, áit a ndéantar an tástáil; cúrsaí cothaithe; etc.*

- **Mias/táirge roghnaithe**
  ***Táirgí roghnaithe*** **= 4**

**Foinsí: 2@2 mharc** (grádaithe 2:1:0) **= 4**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**
- **Acmhainní** **= 8**
- **Príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh**

**Tástáil Triantáin:** *6 thráidire; 6 ghloine uisce; 18 gcoimeádán códaithe le haghaidh samplaí de chaoineoga; 9 sampla de chaoineog A; 9 sampla de chaoineog B; 6 scórchárta; bileog tuairisce; pinn; etc.*

**Cur i bhFeidhm** **= 16**

**Nós imeachta a leantar agus an ghné seo den tasc á déanamh**

*Ba chóir an tsraith iomlán den chur i bhfeidhm a thabhairt agus na torthaí curtha i láthair don tástáil .i.e*

**Tástáil Triantáin (dhá tháirge)**

*Códaigh 18 gcoimeádán; 6 choimeádán le siombail □, 6 choimeádán le siombail ◊, 6 choimeádán le siombail ○; cuir samplaí de chaoineoga i ngach coimeádán; eagraigh 6 thráidire uimhrithe 1-6; coimeádán amháin ar gach tráidire lipéadaithe le siombail □, coimeádán amháin le siombail ◊, agus coimeádán amháin le siombail ○;* ***ní mór cur i láthair cothromaithe in ord a bheith ann i.e ní mór gach meascán de shamplaí a d'fhéadfadh a bheith ann a chur i láthair*** *tugtar gach táirge samplach an méid céanna amanna. i.e. 9 n-uaire, samplaí curtha i láthair in ord randamach agus ní bhfaigheann aon tástálaí samplaí curtha i láthair sa tsraith chéanna; fanann na cóid ar gach tráidire mar an gcéanna, athraíonn an táirge sa choimeádán gach uair; leanann tástálaithe treoracha ar scórchárta; ciorclaigh ar an scórchárta cé acu ceann de na trí shampla atá difriúil* (*dá shampla mar an gcéanna, ceann amháin díobh difriúil*)*; is féidir samplaí a bhlaiseadh arís; bailíonn an tuairisceoir na scórchártaí agus aistríonn sé na torthaí don bhileog tuairisce ullmhaithe; agus na torthaí á scríobh síos cuirtear ciorcal timpeall ar an litir a fhreagraíonn don tsiombail roghnaithe ar gach scórchárta agus cuirtear tic sa cholún cuí; déantar na freagraí cearta a chomhaireamh; taispeántar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair; is féidir torthaí a chur i láthair ar bharrachairt nó ar phíchairt; cuir slacht ar an áit; ní gréithe; measúnaigh na torthaí; etc.*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (*aon 2 cheann ar bith @ 4 mharc*)** (grádaithe 4:2:0) **= 8**

*Príomhfhachtóirí a d'fhéadfaí a chur san áireamh le toradh maith a chinntiú sa tasc lena n-áirítear -* ***coinníollacha faoi smacht*** *le linn tástála - códúchán; rogha de chaoineog in úsáid; teocht shamplach; aonfhoirmeacht sna samplaí le haghaidh tástála; méid dóthanach; gloine uisce/nó craicear tirim mar chuid de chun an carball a ghlanadh; tábhacht an chiúnais le linn tástála; 6 thástálaí ann le cinntiú go bhfuil gach uile mheascán de shamplaí tugtha a d'fhéadfadh a bheith ann; samplaí curtha i láthair in ord randamach ionas nach bhfaigheann tástálaí ar bith samplaí curtha i láthair sa tsraith chéanna; cur i láthair cothromaithe – gach caoineog tugtha an méid céanna amanna – 9 n-uaire; fanann an códúchán ar gach tráidire mar an gcéanna; ní chóir go spreagfadh an códúchán in úsáid claonadh ar bith i measc na dtástálaithe; ní chóir go mbeadh an lucht tástála bainteach le códúchán agus le heagrú na samplaí nó le sainscagadh na dtorthaí; etc.*

**(*caithfidh na príomhfhachtóirí tagairt don fhíorthástáil a rinneadh*)**

- **Sábháilteacht agus Sláinteachas** **= 4**

Sábháilteacht: ***1 phointe @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)

Sláinteachas: ***1 phointe@ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)

***Sábháilteacht:*** *seiceáil dáta ar chaoineog le baol an bhia-nimhiú a sheachaint; stóráil caoineog; tástálaithe le hailléirgí – táirge le cnónna etc.; réimeanna bia ar leith i.e. éadulangach ar lachtós, diaibéiteas etc.; táirgí le breiseáin/uimhreacha E; etc.*

***Sláinteachas:*** *dea-chleachtas maidir le hionad ullmhúcháin agus le hionad tástála; láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha/gloiní aon uaire in úsáid; etc.*

**Measúnú (*3 phointe @ 4 mharc*)** **= 12**

- **Cur i bhFeidhm**

*Nósanna imeachta tástála in úsáid; príomhfhachtóirí agus an tástáil á stiúradh; cúrsaí sábháilteachta agus sláinteachais san áireamh; fadhbanna a tharla agus na réitigh a moladh; measúnaigh éifeachtúlacht na sraithe oibre; etc.*

- **Riachtanais sainiúla an taisc**

*Ba chóir go ndéanfadh na mic léinn measúnú ar na torthaí a bhfuarthas don tástáil agus roinnt conclúidí a tharraingt. Ba chóir anailís a dhéanamh ar na fachtóirí a d'fhéadfadh cur leis na torthaí tástála a bhfuarthas i.e. an chúis nárbh fhéidir le tástálaithe an sampla difriúil a ainmniú; etc.*

## *Aguisín 1*

### Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon ***cheithre*** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú.

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
   ***Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc***, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,*** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as ***measúnú an chur i bhfeidhm***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar ***measúnú ar shainriachtanais*** freisin.

4. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán***, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as ***measúnú ar shainriachtanais an taisc***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. ***Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán,*** ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach ***beagán scileanna próiseála*** – marc *pro rata*.

7. ***Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán*** leis na riachtanais, e.g.
   - Mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte
   - Mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 1 agus 2*
   - ***An modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 3 agus 4*
   - Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise***

   ***Bain 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.***

8. ***Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,*** e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

**N.B.** *Caithfidh scrúdaitheoirí dul i gcomhairle le scrúdaitheoirí comhairleacha agus suíomh ar leith á chur i bhfeidhm acu.*

Leathanach Bán